Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11208 — Nidec Motor Corporation / Embraer / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 316/06)

1. An 28 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nidec Motor Corporation ('NMC', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Nidec Corporation (an tSeapáin),

— Embraer Aircraft Holding Inc ('Embraer', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Embraer S.A. (An Bhrasaíl),

— Nidec Aerospace LLC ('an JV', na Stáit Aontaithe), cuideachta nuachruthaithe.

Gheobhaidh NMC agus Embraer rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an JV ina iomláine. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir mótar agus rialtán tráchtála, tionsclaíoch agus fearas le haghaidh raon leathan feidhmeanna é NMC, atá mar chuid de Nidec Corporation, cuideachta Seapánach atá gníomhach in innealtóireacht, monarú agus dáileadh raon mótar leictreach agus táirgí feidhmeanna mótair, chomh maith le táirgí comhbhrúiteora,

— Is fochuideachta é Embraer atá faoi lánúinéireacht Embraer S.A., cuideachta aeraspáis dhomhanda a bhfuil a cheanncheathrú sa Bhrasaíl. Tá Embraer ag gabháil go príomha do dhearadh, d'fhorbairt, do mhonarú agus do mhargaíocht aerárthaí tráchtála, feidhmiúcháin agus míleata, agus do sheirbhísí agus tacaíocht iardhíola gaolmhara do chustaiméirí.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuachruthaithe: córais tiomána leictreacha a fhorbairt agus a mhonarú le haghaidh feidhmeanna aerloingseoireachta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11208 — Nidec Motor Corporation / Embraer / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË